

PSRA



An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

Plean Straitéiseach 2017 – 2020





Clár Na nÁbhar

	Leathanach
Brollach le Cathaoirleach an Údaráis	3
Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach	4
Ról an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine	5
Gnóthachtálacha an Údaráis ón tráth ar bunaíodh é	6
Misean agus Luachanna	7
Spriocanna	8
Tosca Ratha Ríthábhachtacha	8
Spriocanna, Straitéisí & Táscairí Feidhmíochta	
Sprioc 1 - Córas éifeachtach ceadúnúcháin a choimeád ar bun	9
Sprioc 2 - Córas imscrúdúcháin agus breithnithe caighdeán a choimeád ar bun le linn seirbhísí maoine a chur ar fáil	11
Sprioc 3 - Rannpháirteachas earnála agus feasacht ar an Údarás i measc an phobail a chur chun cinn	13
Sprioc 4 - Cláir Phoiblí a choimeád	14
Sprioc 5 - Eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar fáil	15



Brollach leis An gCathaoirleach

Is ábhar pléisiúir dom dara Plean Straitéiseach an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine a thabhairt isteach. Is ionann an plan seo agus doiciméad cuimsitheach arb é is aidhm dó ná cur le gnóthachtálacha an Údaráis, agus forbairt a dhéanamh mar thoradh ar na gnóthachtálacha sin, sna blianta atá romhainn. Clúdaíonn an Plean Straitéiseach seo an tréimhse ó 2017 go 2020 agus leagtar amach ann na príomh-shaincheistanna a dtabharfaidh an tÚdarás aghaidh orthu thar an tréimhse sin. Plean uailmhianach atá ann agus cinnteoidh sé go ndéanfar an creat daingean rialála don earnáil seirbhísí maoine a choimeád ar bun agus go bhforbrófar straitéisí chun athruithe san earnáil a chur san áireamh. Tá mé féin agus na comhaltaí eile den Údarás tiomanta i leith an plan a thíolacadh agus a chur i bhfeidhm.

Tá ról lárnach ag an teicneolaíocht anois i dtaca le héifeachtúlachtaí a bhaint amach do gach gairm agus tá ionad na bpróiseas láimhe traidisiúnta oibriúcháin á ghlacadh go tapa ag an teicneolaíocht. Tá an tÚdarás tiomanta i leith teicneolaíochta a fhorbairt chun éifeachtúlachtaí a bhaint amach san Údarás agus chun feabhas a chur ar an rochtain atá ag an ngairm agus ag daoine den phobal air.

Téama eile de chuid an Phlean Straitéisigh is ea cur chun cinn ról an Údaráis trí rannpháirteachas le ceadúnaithe agus leis an bpobal. Leanfar de scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna cuí go léir a sholáthraíonn ardán ar tríd is féidir a bheith i dteagmháil leis na geallsealbhóirí uile. De bhreis air sin, tá an Plean Straitéiseach seo dírithe ar an méid seo a leanas:

- **Creat leantach daingean rialála don earnáil**
- **Aghaidh a thabhairt ar riaráistí**
- **Úsáid éifeachtach a bhaint as an teicneolaíocht agus as acmhainní**
- **Feabhas a chur ar struchtúir, ar chórais agus ar nósanna imeachta eagrúcháin**

Tá mé dóchasach go bhfuil an fhís, an díograis agus an tiomantas atá ag an Údarás agus ag a fhoireann chun dul i ngleic leis na dúshláin sin arb é is aidhm dóibh níos mó aonfhoirmeachta agus trédhearcachta a bhaint amach i dtaca le ceadúnú, rialáil agus rialú soláthraithe seirbhísí maoine agus i dtaca le soláthar faisnéise do thomhaltóirí.

Geraldine Clarke
Cathaoirleach



Réamhráileis An bPríomhfheidhmeannach

Is cúis áthais dom mo chéad Phlean Straitéiseach, agus dara Plean Straitéiseach an Údaráis, a thabhairt isteach. De réir Alt 17 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011, ceanglaítear ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine plean straitéiseach a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais gach trí bliana. Sa Phlean seo, leagtar amach an tslí ina ndéanfaidh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine a fheidhm reachtúil a chomhlíonadh, an tslí ina gcuirfear leis an dúshraith dhaingean atá bunaithe ó thráth thosach feidhme an Achta agus an tslí ina dtabharfar aghaidh, sna trí bliana atá romhainn, ar na dúshláin atá ann sa timpeallacht a bhaineann le seirbhísí maoine.

Clúdaíonn an Plean Straitéiseach seo atá ullmhaithe ag an Údarás an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2017 go dtí an 31 Lúnasa 2020. Plean uailmhianach atá ann agus cuirfidh sé le torthaí an Chéad Phlean Straitéisigh trínar cuireadh córas éifeachtach ceadúnúcháin ar bun ar córas é atá mar a bheadh cnámh droma ann anois i dtaca le caighdeáin a leagan síos agus i dtaca le comhlíontacht ar thaobh na sealbhóirí ceadúnais. Go deimhin, comhlánaíonn imscrúdú gearán agus iniúchtaí comhlíontachta an sprioc a bhaineann le caighdeáin agus gairmiúlacht a chur chun cinn san earnáil agus cuirfidh an Plean seo leis na gnóthachtálacha sna réimsí sin. Tá an Plean Straitéiseach seo ailínithe le Ráiteas Straitéise na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais 2016-2019, go háirithe maidir leis na cuspóirí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus maidir le sárseirbhís chustaiméara a sholáthar do na geallsealbhóirí.

Tá na spriocanna atá le baint amach ag an Údarás thar ré an Phlean, agus an tslí ina bhfuil siad le baint amach, leagtha amach sa Phlean seo. Is ionann é agus an dúshraith ar a mbunófar pleanáil ghnó agus bainistíocht agus forbairt feidhmíochta na heagraíochta. Déanfar rath an Phlean thar an tréimhse trí bliana, ó thaobh tíolacadh agus cur i bhfeidhm de, a thomhas i gcomparáid leis na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean seo.

Dála aon phlean, comhchuid lárnach dá chuid is ea acmhainní a bheith ar fáil, idir acmhainní airgeadais agus acmhainní foirne. Beidh inniúlacht agus tiomantas gach duine den fhoireann ar fud na heagraíochta thar a bheith tábhachtach i dtaca leis na dúshláin a bheidh le sárú ag an Údarás. Beidh comhoibriú leanúnach leis na geallsealbhóirí fíorthábhachtach freisin i ndáil le rath an Phlean. Tá mé ag tnúth le bheith ag obair le mo chomhghleacaithe agus leis na geallsealbhóirí sa tréimhse atá romhainn.

Maeve Hogan

Príomhfheidhmeannach



Ról An Úaráis

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (“an tÚdarás”) ar an 3 Aibreán 2012, faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Tá príomhfheidhmeanna reachtúla an Úaráis leagtha amach san Acht agus áirítear orthu:

- Rialú, maoirsiú agus rialáil a dhéanamh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (i.e. Ceantálaithe/Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta);
- Córas cuimsitheach ceadúnúcháin a oibriú a chuimsíonn gach Soláthraí Seirbhísí Maoine;
- An méid seo a leanas a shonrú agus a chur i bhfeidhm: -
 - caighdeán do dheonú ceadúnas do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (e.g. caighdeán oideachais/oiliúna; na leibhéil ára chais slánaíochta gairmiúla); agus
 - caighdeán a bheidh le hurráim le linn do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine seirbhísí maoine a sholáthar ag (e.g. caighdeán theicniúla; caighdeán chuí eiticiúla);
- córas imscrúdúcháin agus breithnithe gearán in aghaidh Soláthraithe Seirbhísí Maoine a bhunú agus a riaradh;
- córas imscrúdúcháin caighdeán maidir le soláthar Seirbhísí Maoine a bhunú agus a riaradh;
- Smachtbhannaí a fhorchur ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine i leith iompar míchuí (lena n-áirítear suim suas go €250,000 a íoc agus ceadúnas a chúlghairm);
- Cosaint mhéadaithe tomhaltóirí agus feasacht mhéadaithe ar sheirbhísí maoine i gcoitinne a chur chun cinn i measc an phobail;
- Ciste Cúitimh a bhunú, a chothabháil agus a riaradh;
- Cód Cleachtais do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine a fhorbairt;
- Clár Poiblí na bPragsanna Díola Maoine a bhunú agus a choimeád;
- Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála a bhunú agus a choimeád;
- Clár Poiblí Soláthraithe Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine a bhunú agus a choimeád;
- Gníomhú mar Údarás Inniúil an Stáit i ndáil le Sciúradh Airgid;
- Cúnamh a thabhairt don Aire maidir le forbairt beartais a bhaineann le rialáil na hearnála;
- Dul i mbun tionscadail taighde nó tionscadail taighde a choimisiúnú.



Príomhghnoóthachtálacha An Údaráis

I measc na ngnóthachtálacha suntasacha a bhí ann ón tráth ar bunaíodh an tÚdarás ar an 3 Aibreán 2012, áirítear an méid seo a leanas:

- Córas cuimsitheach ceadúnúcháin
- Córas ar líne athnuachana agus íocaíochta do cheadúnais a thabhairt isteach
- Os cionn 6,000 ceadúnas a eisiúint in aghaidh na bliana
- Saoráid ar líne chun imréiteach cánach a dhaingniú
- Reachtaíocht iomchuí i ndáil le feidhmeanna an Údaráis
- Córas a chur i bhfeidhm chun gearáin in aghaidh Soláthraithe Seirbhísí Maoine a imscrúdú agus a bhreithniú
- Imscrúduithe a sheachfhoinsiú
- An Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bhainistiú go héifeachtach;
- Na cláir seo a leanas a fhoilsiú
 - Clár na bPraghsanna Díola Maoine Cónaithe.
 - Clár na Léasanna Tráchtála;
 - Clár na Soláthraithe Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine;
- Ceapadh an tÚdarás mar Údarás Inniúil don earnáil faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010
- Foilsiú na dTreoracha iomchuí earnála agus tomhaltóra a bhaineann le soláthar seirbhísí maoine.
- Ionchúisimh rathúla
- Nuachtlitir earnála a fhoilsiú
- Seimineáir ar bhonn náisiúnta



Misean Agus Luachanna

Misean

Is é misean an Údaráis rialú, maoirsiú agus rialáil a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí maoine (Ceantálaithe, Gníomhairí Stáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta), trí rialáil a dhéanamh orthu, agus leasanna an phobail ina n-idirghníomhaíocht le soláthraithe seirbhísí maoine a chosaint trína chinntiú go ndéantar ardchaighdeáin a choimeád ar bun agus a chur i bhfeidhm.

Luachanna

Leas an Phobail

Tá an tÚdarás tiomanta i leith a fheidhmeanna a chomhall go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail.

Rialachas

Tá na tÚdarás tiomanta i leith ardchaighdeáin rialachais agus ionracais a chomhlíonadh agus i leith dul i mbun a ghnó ar mhodh éifeachtúil éifeachtach.

Comhréireacht

Déanann an tÚdarás rialáil ar mhodh comhréireach trí acmhainní a spriocdhíriú ar réimsí riosca.

Comhairliúchán

Tá an tÚdarás tiomanta i leith comhoibriú lena chuid geallsealbhóirí le linn a sheirbhísí a fhorbairt agus a chur ar fáil go leanúnach.

Tiomantas i leith na Foirne

Tá an tÚdarás tiomanta i leith tacaíocht a tabhairt dá fhoireann le linn spriocanna straitéiseacha an Údaráis a chur i bhfeidhm agus le linn gairmréimeanna sásúla a fhorbairt laistigh den eagraíocht.



Spriocanna

Tá na príomhchuspóirí seo a leanas glactha ag an Údarás :

- Sprioc 1:** Córas Cuimsitheach Ceadúnúcháin a Choimeád ar Bun
- Sprioc 2:** Córas Imscrúdúcháin agus Breithnithe Caighdeán a Bhainistiú le linn seirbhísí maoine a chur ar fáil
- Sprioc 3:** Rannpháirteachas Earnála agus Feasacht ar an Údarás i measc an Phobail a Chur Chun Cinn
- Sprioc 4:** Cláir Phoiblí a Choimeád
- Sprioc 5:** Eagraíocht Éifeachtach Éifeachtúil a Chur ar Fáil

Tosca Ratha Ríthábhachtacha

Is ionann na cuspóirí atá leagtha amach sa Plean Straitéiseach seo agus clár uailmhianach, comhtháite, forleathan oibre atá le cur i gcrích thar a ré. Tá Tosca Ratha Ríthábhachtacha, de chineál inmheánach agus seachtrach, ann agus beidh tionchar mór acu sin ar chumas an Údaráis an Plean seo a chur i gcrích. Ina measc sin, áirítear an méid seo a leanas:

- Acmhainní cuí foirne agus airgeadais chun na cuspóirí a bhaint amach;
- Córais TF atá éifeachtach agus freagrúil;
- Reachtaíocht ábhartha chuí; agus
- Comhoibriú leanúnach leis na geallsealbhóirí go léir.



Sprioc 1: Córas Cuimsitheach Ceadúnúcháin a Choimeád Ar Bun

Déantar foráil leis an Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 go mbunóidh agus go riarfaidh an tÚdarás córas ceadúnúcháin do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (SSM-anna). Cuireadh tús le ceadúnúchán do SSM-anna ar an 6 Iúil 2012 agus, thart ar chúig bliana dá éis sin, is uirlis thábhachtach é maidir le maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar cheadúnaithe. Tá an próiseas ceadúnúcháin tar éis teacht chun bheith ina phróiseas de chineál níos sruthlínithe agus níos gnáiche. Go páirteach, is féidir an méid sin a chur i leith córas ar líne a fhorbairt agus a thabhairt isteach sa bhliain 2016 chun ceadúnais a athnuachan agus íocaíocht a dhéanamh ina leith, ar córas é a oibrítear trí www.licences.ie. Mar thoradh ar thabhairt isteach an phróisis sin, rinneadh nuachóiriú ar athnuachan ceadúnas agus, dá bharr sin, soláthraíodh éifeachtúlachtaí don Údarás agus do na ceadúnaithe araon. Thar ré an Phlean Straitéisigh seo, bunóidh agus forbróidh an tÚdarás éifeachtúlachtaí breise a bhaineann le gnéithe eile den chóras ceadúnúcháin.

Uimh	Sprioc	Gníomhartha	Príomhtháscaire agus an méid atá le baint amach	Aidhm
1.1	Córas éifeachtach ceadúnúcháin a choimeád ar bun	Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht agus ar ionstraimí reachtúla a bhaineann le ceadúnúchán	Athbhreithniú a bheith déanta ar an reachtaíocht agus ar IR-anna a bhaineann le ceadúnúchán	R3 2018
		Córas éifeachtach ceadúnúcháin a choimeád ar bun	Clár na gCeadúnaithe a bheith uasdátaithe agus foilsithe in aghaidh na seachtaine	Leanúnach
			An líon ceadúnas a athnuaitear	6,000 ceadúnas a athnuachan in bliana
			An líon ceadúnas a athnuaitear	Tuairim is 600 ceadúnas nua in aghaidh na bliana
		Córas iarratais ar líne a fhorbairt i ndáil le hiarratais ar cheadúnais nua	Córas ar líne iarratais agus íocaíochta a bheith ann i ndáil le hiarratais ar cheadúnais nua	R2 2018
		Iarratas ar líne a fhorbairt i ndáil le Foirm Athraithe Fostóra do cheadúnaithe	Foirm Athraithe Fostóra ar líne a fhoilsiú do cheadúnaithe	R2 2018
		Scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna do cheadúnaithe ceadúnais a athnuachan ar bhonn leathbhliantúil	Athbhreithniú ar an reachtaíocht a thabhairt chun críche	R4 2018
			Rannpháirteachas le comhlachtaí ionadaitheacha a bheith críochnaithe	R2 2018
			Reachtaíocht a thabhairt isteach	R2 2019



Uimh	Spríoc	Gníomhartha	Príomhtháscaire agus an méid atá le baint amach	Aidhm
		Rannpháirteachas le Soláthraithe Seirbhísí Maoine chun a chinntiú go bhfuil siad láneolach ar na ceanglais cheadúnúcháin	Seimineáir réigiúnacha a bheith seolta do cheadúnaithe	R4 2017
		Lógó PSRA a chur ar fáil do cheadúnaithe	Téarmaí agus coinníollacha maidir le húsáid lógó PSRA a bheith foilsithe	R3 2018
			An líon lógónna PSRA a eisíodh	Eisiúint a dhéanamh de réir an éilimh
1.2	Measúnacht ar an reachtaíocht a bhaineann le cur i gcoinne sciúradh airgid	Imscrúduithe comhlíontachta a dhéanamh ar cheadúnaithe faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010	An líon imscrúduithe a chríochnaítear An líon ceadúnaithe comhlíontach An líon smachtbhannaí	200 Iniúchadh in aghaidh na bliana



Spríoc 2: Córas Imscrúdúcháin Agus Breithnithe Caighdean A Chur Ar Fáil Le Linn Seirbhísí Maoine A Sholáthar

Réamhrá

Déantar foráil leis an Acht go n-imscrúdóidh an tÚdarás na nithe seo a leanas:

- gearáin a dhéantar in aghaidh soláthraithe ceadúnaithe seirbhísí maoine;
- gearáin faoi sholáthar neamhúdairithe seirbhísí maoine; agus
- na forálacha reachtúla a bheith á gcomhlíonadh ag ceadúnaithe.

Is cuma cén cineál imscrúdaithe atá ann, tá sé de cheangal ar an Údarás cigire a cheapadh chun an t-imscrúdú a sheoladh. Ina theannta sin, ní dhéanann cineál an imscrúdaithe difear do chumhachtaí imscrúdaitheoirí ná do na rialacha reachtúla lena rialáítear seoladh imscrúduithe.

Uimh	Spríoc	Gníomhartha	Príomhtháscaire agus an méid atá le baint amach	Aidhm
2.1	Gearáin a bhainistiú go héifeachtach choimeád ar bun	Córas éifeachtach bainistithe gearán a	Admháil a thabhairt á rá go bhfuil gearán faighte	Laistigh de 3 lá
			An líon gearán atá á n-imscrúdú	70% de na gearáin
			An t-am a thógann sé chun gearáin a phróiseáil	Ag brath ar chastacht
			An líon gearán a thugtar chun críche	60% de na gearáin a thabhairt chun críche in aghaidh na bliana
			An líon smachtbhannaí a fhorchuirtear	Leanúnach
			An líon achomharc a dhéantar chuig an mBord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine	Achomharc i gcoinne 10% de bhreitheanna in aghaidh na bliana R3 2018
			Deireadh a chur le riaráistí ó thaobh gearán de	Deireadh a bheith curtha le riaráistí ó thaobh gearán de
2.2	Córas éifeachtach a fhorbairt i ndáil le iniúchóireachta	Cigirí a fhostú chun imscrúdú iniúchóireachta ar chomhlíonadh a dhéanamh	An líon gearán a shanntar	Ag brath ar an líon gearán a fhaightear
			An líon imscrúduithe ar ghearáin a thugtar chun críche	Ag brath ar an líon gearán a shanntar
			An líon iniúchtaí a dhéantar	200 Iniúchadh in aghaidh na bliana
			An líon iniúchtaí comhlíontacha	75% comhlíontach
			An líon smachtbhannaí a fhorchuirtear	25% de na hiniúchtaí tugtha chun críche
			An líon achomharc i gcoinne smachtbhannaí	15% de na smachtbhannaí a fhorchuirtear



Uimh	Spríoc	Gníomhartha	Príomhtháscaire agus an méid atá le baint amach	Aidhm
2.3	Oibreoirí neamhcheadúnaithe a shainaithint	Ionchúiseamh a thionscnamh i leith soláthraithe neamhcheadúnaithe seirbhísí maoine	An líon ionchúiseamh a thionscnaítear	Leanúnach
			An líon ciontuithe	Leanúnach
			An leibhéal i dtaca le soláthraithe neamhcheadúnaithe a cheadúnaítear	Aidhm leanúnach maidir le comhlíontacht iomlán a bheith ann
2.4	Tuilleadh foghlama laistigh den earnáil a fhorbairt	Scéim maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a dhréachtú agus a fhoilsiú	Rannpháirteachas leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun tairiscint FGL a fhorbairt	R3 2017
			Rannpháirteachas le comhlachtaí ionadaitheacha	R3 2017
			Treoir don earnáil maidir le FGL a fhoilsiú	R4 2017
			Tús a chur le IR maidir le FGL	R2 2018
			Tús a chur le FGL ar fud na tíre	R2 2018
2.5	An Ciste Cúitimh a bhainistiú go héifeachtúil	Tairiscint a fhoilsiú maidir le hárachú an Chiste	An Ciste Cúitimh a bheith árachaithe	R3 2017
2.6	Cód Caighdeán a fhorbairt don earnáil	Cód Caighdeán do sholáthraithe seirbhísí a dhréachtú agus a fhoilsiú	Rannpháirteachas le geallsealbhóirí le linn an Cód a dhréachtú	R3 2018
			IR a bheith dréachtaithe ar mhaithe leis an gCód Caighdeán a thabhairt isteach	R2 2019
			Cód Caighdeán a fhoilsiú	R4 2019



Spríoc 3: Rannpháirteachas Earnála Agus Feasacht Ar An Údarás I Measc An Phobail A Chur Chun Cinn

Réamhrá

Gné lárnach den fhreagracht atá ar an Údarás is ea a chinntiú, ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus leas na hearnála seirbhísí maoine araon, go ndéantar faisnéis faoi fheidhmeanna agus faoi fhreagrachtaí an Údaráis a scaipeadh go forleathan.

Uimh	Spríoc	Gníomhartha	Príomhtháscaire agus an méid atá le baint amach	Aidhm
3.1	Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le geallsealbhóirí an Údaráis	Rannpháirteachas le geallsealbhóirí i bpróisis chomhairliúcháin fhoirmiúil	An leibhéal rannpháirteachais le geallsealbhóirí san earnáil	Leanúnach
3.2	Cumarsáid agus rannpháirteachas éifeachtach a choimeád ar bun leis an Earnáil agus le Tomhaltóirí seirbhísí maoine	Straitéis Chumarsáide a fhorbairt	An Straitéis a bheith curtha i bhfeidhm	R1 2018
		Rannpháirteachas leantach i dtaca le Fóram SSM de	An líon cruinnithe Fóraim	3 chruinniú Fóraim in aghaidh na bliana
		Doiciméid treorach don phobal agus do sholáthraithe seirbhísí maoine a fhorbairt agus a uasdátú	Treoracha foilsithe a bheith uasdátaithe	Leanúnach
		Nuachtlitir PSRA a eisiúint	An líon Nuachtlitracha a eisiúintear	3 Nuachtlitir in aghaidh na bliana
		Comhdháil earnála a eagrú	Bailchríoch a bheith curtha ar phleanáil na comhdhála agus ar roghnú an ionaid	R4 2019
			Téama na Comhdhála a bheith aontaithe	R4 2018
			Na príomhchainteoirí a bheith socraithe	R4 2018
		Feasacht a chur chun cinn i measc na dtomhaltóirí	An líon feachtas sna meáin	2 fheachtas in aghaidh na bliana
			Rannpháirteachas le hionadaithe na dtomhaltóirí	Leanúnach
			An líon gearán a fhaightear	300 in aghaidh na bliana



Sprioc 4: Cláir Phoiblí A Choimeád

Réamhrá

Déantar foráil leis an Acht go mbunóidh an tÚdarás trí Chlár Phoiblí, is é sin le rá:

- Clár na Soláthraithe Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine. Sa chlár seo, soláthraítear mionsonraí iomlána faoi gach duine atá ceadúnaithe ag an Údarás, lena n-áirítear ainm agus seoladh gnó na gceadúnaithe agus catagóir na gceadúnas a dheonaítear;
- Clár na bPraghsanna Maoine Cónaithe. Sa chlár seo, soláthraítear mionsonraí faoi na praghsanna díola agus faoi na dátaí díola maidir le gach maoin chónaithe a dhíoltar in Éirinn. Tháinig an Clár i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2010; agus
- Clár na Léasanna Tráchtála. Sa chlár seo, faightear mionsonraí faoi gach léas tráchtála atá déanta in Éirinn ó bhí an 1 Eanáir 2010 ann. Déantar mionsonraí an-sonrach faoi léasanna a rinneadh tar éis an 3 Aibreán 2012 a sholáthar ann freisin.

Uimh	Sprioc	Gníomhartha	Príomhtháscaire agus an méid atá le baint amach	Aidhm
4.1	Cláir Phoiblí a Choimeád	Clár na gCeadúnas a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin	Clár na gCeadúnas a bheith uasdátaithe ar bhonn seachtainiúil	Leanúnach
			An líon uaireanta a fhaightear rochtain ar an gClár	Leanúnach
			Clár na bPraghsanna Maoine Cónaithe agus Clár na Léasanna Tráchtála a fhoilsiú	Leanúnach
			An líon uaireanta a fhaightear rochtain ar na Cláir	Leanúnach
			Leibhéal na ngearán maidir le míchruinneas	5% in aghaidh na bliana
4.2	Comhaontuithe éifeachtacha a fhorbairt le geallsealbhóirí a bhfuil baint acu leis na Cláir	Comhaontú a bheith i bhfeidhm leis na Coimisinéirí loncaim maidir le faisnéis lárnach faoi Phraghsanna Maoine Cónaithe agus faoi Léasanna Tráchtála a bhaint as a mbunachar sonraí R-Stampála	Comhaontú i scríbhinn a bheith i bhfeidhm idir an tÚdarás agus na Coimisinéirí loncaim maidir le sonraí a bheith faighte	Athbheithniú a bheith déanta ar bhonn bliantúil
			An leibhéal rannpháirteachais leis an Rannán TF maidir le malartú teicniúil sonraí	Leanúnach



Spríoc 5: Eagraíocht Éifeachtach Éifeachtúil A Chuir Ar Fáil

Réamhrá

Tá athrú ag teacht de shíor ar an timpeallacht ina n-oibríonn an tÚdarás. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach a chinntiú go bhfuil na beartais agus na hacmhainní ag an eagraíocht is gá chun déileáil leis na héilimh athraitheacha. Mar thoradh ar an timpeallacht athraitheach sin, beidh gá le díriú ar struchtúir mhalartacha eagrúcháin chun a chumasú don Údarás a chuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh go dóthanach.

Uimh	Spríoc	Gníomhartha	Príomhtháscaire agus an méid atá le baint amach	Aidhm
5.1	Forbairt a dhéanamh ar struchtúr eagrúcháin trína dtabharfar tacaíocht do mhisean an Údaráis agus trína soláthraítear na hacmhainní atá riachtanach chun a chúraimí a chomhlíonadh	Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr eagrúcháin agus ar leibhéil foirne is gá chun cúram reachtúil an Údaráis a chomhlíonadh	An leibhéal rannpháirteachais le Roinn Rialachais Shibhialta agus AD na Roinne Díl agus Cirt agus Comhionannais maidir le hacmhainní	Leanúnach
5.2	Straitéisí malartacha a fhorbairt chun acmhainní breise a sholáthar	Scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun obair chúí de chuid an Údaráis a sheachfhoinsiú	Obair chúí le haghaidh seachfhoinsiú a shainaithint	Leanúnach
5.3	Bainistiú éifeachtach foirne	PMDS a oibriú d'fhoireann an Údaráis	An leibhéal acmhainní is gá chun Conradh a bhainistiú	R1 2018
5.4	Bainistiú éifeachtach acmhainní airgeadais	Faireachán agus measúnú ar bhainistiú airgeadais san Údarás	An leibhéal comhlíontachta i dtaca le PMDS de An leibhéal torthaí lena ngabhann rátáil 'sásúil'. Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil an Iniúchta Inmheánaigh Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca	Comhlíontacht iomlán Leibhéal sásúil comhlíontachta Leibhéal sásúil comhlíontachta
5.5	Caighdeán éifeachtacha rialachais a ghlacadh agus a choimeád ar bun	Socruithe cuí rialachais agus bainistíochta a bhunú	An Cód Cleachtais maidir le Rialú Bord Strait a ghlacadh	Leanúnach
			An líon cruinnithe Boird a sheoltar	6 chruinniú in aghaidh na bliana
			Féinmheasúnacht an Bhoird a bheith críochnaithe	R4 2017
			Athbhreithniú seachtrach ar an mBord a bheith críochnaithe	R4 2018
			An Coiste Iniúchta agus Riosca a bhunú Tuarascáil ar	R3 2017
			Chomhaontú Feidhmíochta Foilsíú tráthúil na	R1 Gach Bliain R2 Gach Bliain
			Tuarascála Bliantúla Plean Straitéiseach a fhoilsiú	R3 2017

PSRA



Údarás Rialála Seirbhísi Maoine
Property Services Regulatory Authority

www.psr.ie